Rewarding Learning

Centre Number

Candidate Number

General Certificate of Secondary Education
2016

# Irish

Unit 4: Reading
Higher Tier

MV18

**[GIR42]**

**TUESDAY 21 JUNE, AFTERNOON**

## Time

50 minutes, plus your additional time allowance.

## Instructions to Candidates

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
**You must answer the questions in the spaces provided.**
Complete in blue or black ink only.
Answer **all nine** questions.


## Information for Candidates

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed a the end of each question indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.


Answer **all** questions

**1** Léigh an t-eolas thíos.


**A**





**B**





**C**



**D**





**E**





Cuir an duine ceart le gach pictiúr. Cuir an litir cheart i ngach bosca. [4 marks]

**(a)**




**(b)**



**(c)**



**(d)**



**2** Léigh an fógra seo.

**Raidió Rí-Rá**
**www.rrrr.ie**
**ag craoladh do phobal óg na Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain ar an idirlíon**

Ar mhaith leat bheith ag obair ar an raidió?

**Tá post againn do láithreoir úr ag tosú i Mí Iúil 2016.**

- Má tá tú cairdiúil . . .
- Má tá tú maith le daoine eile . . .
- Má tá tú ábalta Gaeilge a labhairt . . .

. . . cuir scéala chugainn.
Beidh traenáil ar fáil.

Ráta pá: **€**8.50 an uair
(agus airgead taistil ar a bharr seo)

Cuir tic (✓) sna boscaí cearta.

**(a)** Is féidir éisteacht le Raidió Rí-Rá [1 mark]

**(i)** in Éirinn amháin. ☐

**(ii)** san Eoraip amháin. ☐

**(iii)** gach áit ar domhan. ☐

**(b)** Beidh an post ag tosú [1 mark]

**(i)** san earrach. ☐

**(ii)** sa tsamhradh. ☐

**(iii)** sa gheimhreadh. ☐

**(c)** Caithfidh an láithreoir úr a bheith [1 mark]

**(i)** ábalta Béarla a labhairt. ☐

**(ii)** ábalta bheith ag obair le daoine eile. ☐

**(iii)** ábalta giotár a sheinm. ☐

**(d)** Gheobhaidh an láithreoir úr [1 mark]

**(i)** airgead don taisteal. ☐

**(ii)** síob chuig an stáisiún raidió. ☐

**(iii)** tacsaí chuig an stáisiún raidió. ☐

**3** Léigh an ríomhphost.

| | |
|---|---|
| **Ó** | eoinmacgabhann@gmail.com |
| **Chuig** | liamofloinn@hotmail.com |

Dáta: 17 Feabhra 2016

A Liam, a chara,

Tá mé ar thaithí oibre i siopa m'uncail i mBéal Feirste. Is gruagaire é i lár na cathrach agus bíonn an siopa an-ghnóthach an t-am ar fad. Tosaíonn sé ag obair ar a hocht a chlog gach lá ón Luan go dtí an Satharn, agus druideann an siopa ar leath i ndiaidh a cúig.

Shíl mé go raibh suim agam sa chineál seo oibre, ach is fuath liom é. Tá mé dubh dóite mar bím ag déanamh na rudaí céanna gach lá. Caithfidh mé an t-urlár a scuabadh agus an fón a fhreagairt.

Tá an pá go holc fosta. Tugann m'uncail fiche punt sa lá dom, ach tá ocht bpunt déag ar an bhus ó Dhún Geanainn go Béal Feirste gach lá. Ní bhíonn ach dhá phunt fágtha agam.

Ní thig liom fanacht go dtí go mbeidh an tseachtain seo thart! Beidh orm smaoineamh ar shlí bheatha eile.

Feicfidh mé Dé Sathairn thú.

Do chara,

Eoin

Críochnaigh na habairtí. Bain úsáid as na frásaí sa bhosca thíos. [1 mark for each]

| | | |
|---|---|---|
| **faoin tuath** | **sultmhar** | **míshásta** |
| **suimiúil** | **i lár na seachtaine** | **sa chathair** |
| **leadránach** | **sásta** | **ag an deireadh seachtaine** |

**(a)** Tá siopa uncail Eoin suite

_______________________________ .

**(b)** Síleann Eoin go bhfuil an obair

_______________________________ .

**(c)** Tá Eoin _________________________ leis an airgead a fhaigheann sé.

**(d)** Buailfidh Eoin agus Liam le chéile

_______________________________ .

**4** Léigh an fógra thíos.



**Seirbhís Nua Traenach**

**Béal Feirste go Doire**

- Turas dhá uair an chloig. Cúig thuras sa lá. Seacht lá sa tseachtain.
- Seirbhís ghasta – ní stopann an traein le linn an turais.
- Ticéad singil: Sé phunt an duine. Ticéad fillte: Deich bpunt an duine.
- Rátaí speisialta do theaghlaigh.
- Biacharr ar fáil ar an chéad traein ó Bhéal Feirste ar maidin agus ar thraein a sé a chlog ó Dhoire.
- Seirbhís ghasta Wi-Fi ar fáil ar gach traein.
- Fáilte roimh rothair ar bord.
- Níl cead peata ar bith a thabhairt ar bord ach amháin madadh treorach.
- Tuilleadh eolais ó **www.traeinuladh.ie**

Cuir tic (✓) le **ceithre** ráiteas atá fíor. [4 marks]

**(a)** Is féidir dul ó Bhéal Feirste go Doire in uair an chloig leis an tseirbhís nua seo. ☐

**(b)** Tá an tseirbhís traenach seo ar fáil gach lá. ☐

**(c)** Tá costas **£**12 ar thicéad fillte. ☐

**(d)** Is féidir an tseirbhís nua seo a fháil i mBéal Feirste, i nDoire agus in áiteanna eile fosta. ☐

**(e)** Tá praghas speisialta ann do thuismitheoirí le páistí. ☐

**(f)** Is féidir bricfeasta a fháil ar gach traein ó Bhéal Feirste. ☐

**(g)** Tá cead ag gach duine peataí a thabhairt ar an traein. ☐

**(h)** Is féidir an t-idirlíon a úsáid ar an traein. ☐

**(i)** Tá cead rothair a thabhairt ar bord. ☐

**5** Léigh an fógra seo.



**Caillte!**

Madadh beag dubh agus bán.

'Bran' an t-ainm atá air, agus tá sé trí mhí d'aois.

Tá sé iontach cineálta –
agus tá sé maith le daoine de gach aois.

D'imigh sé ón ghairdín maidin Dé Sathairn.

Má fheiceann tú Bran, cuir scairt ar 07102 202039.

Fiche punt ar fáil don duine a aimsíonn Bran!

**- Máire Bean Uí Cheallaigh**

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(a) (i)** Tá Bean Uí Cheallaigh ag iarraidh madadh a cheannach. ☐

**(ii)** Tá Bean Uí Cheallaigh ag iarraidh madadh a dhíol. ☐

**(iii)** Tá Bean Uí Cheallaigh ag iarraidh madadh a aimsiú. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(b) (i)** Tá an madadh iontach lách. ☐

**(ii)** Tá an madadh iontach crosta. ☐

**(iii)** Tá an madadh iontach sean. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(c) (i)** Bhí an madadh taobh istigh nuair a d'imigh sé. ☐

**(ii)** Bhí an madadh taobh amuigh nuair a d'imigh sé. ☐

**(iii)** Bhí an madadh sa pháirc phoiblí nuair a d'imigh sé. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]


**(d) (i)** Tá airgead ar fáil don duine a aimsíonn Bran. ☐

**(ii)** Tá bosca milseán ar fáil don duine a aimsíonn Bran. ☐

**(iii)** Tá bia ar fáil don duine a aimsíonn Bran. ☐

**6** Léigh na torthaí ó shuirbhé faoi airgead póca.

**Seo mar a chaitheann daoine óga an t-airgead póca s’acu gach seachtain**



Cuir an litir cheart i ngach bosca leis an abairt a chríochnú. [1 mark for each]

(a) Is maith le deich faoin chéad de dhaoine óga … ☐

(b) Ceannaíonn an chuid is mó de dhaoine óga … ☐

(c) Ní chaitheann daoine óga ach sé faoin chéad den airgead póca … ☐

(d) Caitheann daoine óga fiche faoin chéad den airgead póca … ☐

**A** … le dul chuig scannán, nó le grúpa ceoil a fheiceáil.

**B** … ar rudaí a bhíonn de dhíth orthu ar scoil.

**C** … airgead a chur ar an ghuthán póca s’acu.

**D** … éadaí agus bróga.

**E** … ar rudaí a itheann agus a ólann siad.

**7** Read the email below.

| | |
|---|---|
| Ó | eimearniriada@gmail.com |
| Chuig | orlanicmhathuna@hotmail.com |

A Órla, a chara,

Ní féidir liom dul amach oíche Aoine mar níl pingin rua agam agus ní bheidh airgead agam arís go dtí deireadh na míosa.

Chaith mé leathchéad punt ar ghúna úr do dhamhsa na scoile a bheidh ann i mí na Samhna.

Ar mhaith leat teacht chuig an teach s'agamsa oíche Shathairn? Tá mo thuismitheoirí ag dul chuig cóisir agus beidh mise ag tabhairt aire do mo dheartháir óg. Is féidir leat cuidiú liom agus thig linn staidéar a dhéanamh don scrúdú eolaíochta.

Ná bí buartha muna bhfuil tú saor. Feicfidh mé ar an bhus amárach thú. Tá do chuid nótaí ón rang Gaeilge agam. Tabharfaidh mé ar ais duit iad ansin.

Slán go fóill,

Eimear

Answer the following questions **in English**.

**(a)** Why is Eimear unable to go out with Órla on Friday night? [1 mark]

**(b)** How much did Eimear spend on her new dress? [1 mark]

**(c)** Why is Eimear looking after her younger brother on Saturday night? [1 mark]

**(d)** What does Eimear have to return to Orla on the bus? [1 mark]

**8** Read the newspaper article below.

Bronnadh **£**50,000 ar ghrúpa daoine óga in Ard Mhacha anuraidh le club óige úr a chur ar bun sa cheantar s'acu.

Bhí a lán fadhbanna sóisalta sa cheantar, mar shampla, callán san oíche, ionsaithe ar sheandaoine agus déagóirí ag goid carranna.

Anois bíonn an club óige ar oscailt go dtí meán oíche gach Aoine agus gach Satharn. Tá áiseanna teicneolaíochta ar nós ríomhairí agus gléasanna ceoil ar fáil sa chlub. Tá an saol níos fearr anois sa cheantar mar ní bhíonn na daoine óga amuigh ar na sráideanna.

Answer the following questions **in English**.

**(a)** When was the group in Armagh awarded **£**50,000?
[1 mark]

______________________________________________

**(b)** Mention **one** social problem which the article highlights. [1 mark]

______________________________________________

**(c)** What time does the youth club close on Friday and Saturday nights? [1 mark]

______________________________________________

**(d)** Mention **one** type of technological equipment available in the club. [1 mark]

______________________________________________

**9** Read the profile below.

Is scoil samhraidh Gaeilge í Coláiste Lurgan, atá suite in Indreabhán i gContae na Gaillimhe.

Téann na céadta de dhaoine óga go dtí an coláiste gach bliain le feabhas a chur ar an Ghaeilge atá acu agus le sult a bhaint as an tsamhradh i gcuideachta daoine óga eile.

Tá clú agus cáil ar Choláiste Lurgan ar fud na hÉireann, mar ar na cúrsaí sa choláiste seo, cuireann scoláirí Gaeilge ar amhráin Bhéarla a bhfuil tóir orthu.

Ba iad ‘‘Wake Me Up’’ leis an ghrúpa Avicii, agus ‘‘The Cup Song’’ na hamhráin is mó clú agus is mó ráchairt agus chonaic suas le cúig mhilliún duine na físeáin seo.

Tá aip fón póca darb ainm ‘‘TG Lurgan’’ ag an choláiste agus ar an aip seo, is féidir éisteacht leis na hamhráin a d’aistrigh na scoláirí nó amharc ar na físeáin a théann leo. Chomh maith leis sin, bíonn ceachtanna Gaeilge ar an aip go rialta.

Answer the following questions **in English**.

**(a)** In what county is Coláiste Lurgan located? [1 mark]

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Why do hundreds of young people visit Coláiste Lurgan each year? Give **two** reasons. [1 mark for each]

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

**(c)** Why has Coláiste Lurgan achieved recognition throughout Ireland? [2 marks]

______________________________________________

______________________________________________

**(d)** What is significant about the two songs mentioned in the article? [2 marks]

______________________________________________

______________________________________________

**(e)** As well as songs and videos, what else is available on the "TG Lurgan" mobile phone app for learners of Irish? [1 mark]

______________________________________________

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| **Question Number** | **Marks** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |

| **Total Marks** | |
|---|---|

**Examiner Number**

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.